# Dámhachtain Sparánachta na nAmharc-Ealaíon 2025 Babhta 1

## Treoirlínte d'iarratasóirí

**Spriocdháta: 5.30pm (am na hÉireann), Déardaoin an 13 Feabhra 2025**

**Snáithe 1**

Amharc-ealaíontóirí

**Snáithe 2**

Coimeádaithe

## Clár na nÁbhar

Nótaí tábhachtacha ..... 5

1. Faisnéis faoi Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-Ealaíon ..... 6

1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana ..... 6

Snáithe 1: Amharc-ealaíontóirí ..... 6

Snáithe 2: Coimeádaithe ..... 7

Dámhachtain Oliver Dowling ..... 8

1.2 Athrú ar Bhabhta 1 de Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon 2025 ..... 9

1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? ..... 9

Babhtaí agus snáitheanna sparánachta ..... 10

Nóta maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht ..... 10

1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? ..... 11

1.5 Cá mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith? ..... 12

Nóta i dtaobh tú féin a íoc ..... 13

Nóta faoi chostais eile ..... 13

Snáithe 1: Amharc-ealaíontóirí ..... 13

Snáithe 2: Coimeádaithe ..... 14

Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas ..... 14

1.6 Cén seans atá agat tacaíocht a fháil? ..... 17

1.7 Costais nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith ..... 17

1.8 Gníomhaíochtaí nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith ..... 18

1.9 Ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach ..... 19

Ábhar tacaíochta éigeantach do gach iarratasóir ..... 19

Ábhar breise i gcásanna áirithe ........ 20
1.10 Incháilitheacht – iarratais nach nglacfaimid leo ........ 22
1.11 Cabhair theicniúil a fháil do d'iarratas ........ 23
2. Sula ndéanfaidh tú iarratas ........ 25
2.1 An próiseas iarratais a mhiondealú ina chéimeanna ........ 25
1. Seiceáil má tá tú incháilithe don dámhachtain seo ........ 25
2. Cláraigh ar an tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne ........ 25
3. Do chuid ábhair thacaíochta a ullmhú ........ 25
4. Cuir d'iarratas isteach ar Sheirbhísí ar Líne ........ 26
2.2 Ag clárú i gcomhair cuntas Seirbhísí ar Líne ........ 26
Iarratasóirí nua ........ 26
Iarratasóirí roimhe seo ........ 27
Riachtanais theicniúla maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid ........ 27
2.3 A chinntiú go ndéanann tú iarratas faoi d'ainm ........ 28
Sampla ........ 28
2.4 Seiceáil na bogearraí atá ar do ríomhaire sula ndéanann tú iarratas . 29
OpenOffice a úsáid ........ 29
Nótaí tábhachtacha d'úsáideoirí Apple Mac ........ 30
2.5 Glac do chuid ama chun d'iarratas a ullmhú ........ 30
2.6 Ullmhaigh do dhoiciméid tacaíochta ........ 31
Na formáidí comhaid a nglactar leo ........ 32
Do chomhaid a ainmniú ........ 32
Uasteorainn ar mhéid an chomhaid ........ 33
2.7 Ullmhaigh do naisc URL ........ 33
Leideanna chun naisc URL a úsáid ........ 34
3. D'fhoirm iarratais a chomhlánú ........ 36

4. D'iarratas a chur isteach ... 37
4.1. Logáil isteach chuig do chuntas chun tús a chur le d'iarratas ... 37
4.2. Déan do shonraí teagmhála a sheiceáil ... 37
4.3. Roghnaigh an maoiniú ar mian leat iarratas a dhéanamh air ... 37
4.4. Iontráil méid an mhaoinithe atá á iarraidh ... 38
4.5. Uaslódáil do dhoiciméid ... 38
4.6. Cuir d'iarratas isteach ... 39
Nótaí faoi d'iarratas a chur isteach ... 40
An dteastaíonn tacaíocht theicniúil uait? ... 40
5. Tar éis duit iarratas a chur isteach – an méid a tharlaíonn ansin ... 41
5.1 An chaoi a ndéanaimid cinntí ... 41
5.2 An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas ... 43
Caighdeán ealaíonta ... 43
Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh ... 44
Indéantacht ... 45
5.3 Próiseas an phiarphainéil ... 45
Próiseas scórála an phainéil ... 46
5.4 Dearbhú leasa ... 47
Dearbhú leasa na bpainéalaithe ... 48
5.5 Na chéad chéimeanna eile sa chás go n-éiríonn le d'iarratas ... 48
5.6 Na chéad chéimeanna eile sa chás nach n-éiríonn le d'iarratas ... 49
Iarratas a dhéanamh an athuair leis an ngníomhaíocht chéanna ... 49
5.7 Achomharc a dhéanamh ... 50

## Nótaí tábhachtacha

Teastaíonn cuntas Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon uait chun iarratas a dhéanamh ar Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon 2025.

Ní mór duit clárú le haghaidh cuntas Seirbhísí ar Líne ar a laghad cúig lá oibre sula ndéanfaidh tú iarratas.

D'fhéadfadh sé suas le cúig lá oibre a thógáil orainn do chlárúchán a phróiseáil.

Ní mór do d'ainm clárúcháin agus d'ainm an iarratasóra ar an bhfoirm iarratais a bheith in ainm an duine atá ag déanamh an iarratais. Má fhaigheann tú maoiniú, íocfar isteach i gcuntas bainc an iarratasóra é.

**Iarratasóirí faoi mhíchumas**

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas chun úsáid a bhaint as ár seirbhísí.

Má tá tú faoi mhíchumas agus má theastaíonn cúnamh uait le d'iarratas a chur isteach, déan teagmháil linn a luaithe is féidir roimh an spriocam.

- Teagmhálaí: An tOifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Guthán: 01 618 0200 nó 01 618 0243
- Ríomhphost: access@artscouncil.ie

Faigh tuilleadh eolais faoi chostais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas.

# 1. Faisnéis faoi Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-Ealaíon

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Is éard is cuspóir don dámhachtain seo ná tacú le healaíontóirí gairmiúla nó coimeádaithe, ag céim ar bith dá ngairmréim, a gcleachtas a fhorbairt.

Cuirtear an t-am agus na hacmhainní ar fáil d'ealaíontóirí nó coimeádaithe chun smaoineamh, taighde agus machnamh a dhéanamh agus chun dul i ngleic go criticiúil lena saothar.

Tá tosaíochtaí na dámhachtana seo ag teacht le tosaíochtaí straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25).

Tá dhá shnáithe sa dámhachtain seo.

### Snáithe 1: Amharc-ealaíontóirí

Is é cuspóir an tsnáithe seo tacú le healaíontóirí gairmiúla aonair, ag céim ar bith dá ngairmréim, a gcleachtas ealaíon a fhorbairt.

Díríonn an dámhachtain ar an luach agus an tairbhe a bhaineann ealaíontóirí as tréimhse fhadaithe i mbun a gcleachtaidh, ó thaobh na forbartha ealaíonta de.

Is féidir an sparánacht seo a úsáid chun **am a chaitheamh:**

- Ar do chleachtas ealaíonta a fhorbairt
- Corpas saothair faoi leith a fhorbairt agus a réiteach
- Tabhairt faoi do chleachtas arís tar éis sosa

- Do chleachtas a athmheasúnú tar éis tréimhse leanúnach de shaothar atá bunaithe ar thoradh agus á spreagadh ag spriocdhátaí.

Chomh maith leis sin, is féidir úsáid a bhaint as an sparánacht seo chun tacú leat le do chostais stiúideo nó spáis oibre, saoráidí taighde, cónaitheachtaí, oiliúint agus obair le meantóirí, léiritheoirí agus/nó comhoibrithe.

## Snáithe 2: Coimeádaithe

Cuspóir an tsnáithe seo is ea tacú le coimeádaithe aonair ag aon tráth dá ngairm chun a gcleachtas coimeádaíochta neamhspleách a fhorbairt.

Cuireann an dámhachtain béim ar an luach agus an tairbhe gur féidir le próiseas breisithe d'imscrúdú, fionnachtain agus rannpháirtíochta a bheith aige ar dhul chun cinn cleachtas neamhspleách coimeádaí.

Ar an ábhar sin, tugann an dámhachtain seo an t-am agus na hacmhainní do choimeádaithe chun pleanáil a dhéanamh, taighde a dhéanamh agus cur lena straitéisí agus modheolaíochtaí coimeádaíochta.

Sprioc eile de chuid na dámhachtana seo is ea cur le hacmhainn na gcoimeádaithe taispeántais, ócáidí agus gníomhaíochtaí uaillmhianacha amharc-ealaíon d'ardchaighdeán a choimisiúnú agus a léiriú in Éirinn. Mar shampla, d'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí fhorbairt an chomhoibrithe agus na gcomhpháirtíochtaí idir coimeádaithe, ealaíontóirí, grúpaí nó eagraíochtaí.

Is féidir an sparánacht seo a úsáid chun am a chaitheamh:

- Do chleachtas coimeádaíochta neamhspleách a fhorbairt
- Corpas oibre atá ábhartha do dhul chun cinn ar do chleachtas coimeádaíochta neamhspleách a phleanáil, taighde a dhéanamh air, é a fhorbairt nó a réiteach

- Tacú le le d'fhorbairt leanúnach ar chomhpháirtíochtaí, comhoibrithe agus deiseanna cómhalartacha le healaíontóirí, léiritheoirí, eagraíochtaí agus institiúidí
- Tabhairt faoi do chleachtas coimeádaíochta neamhspleách arís tar éis sosa
- Do chleachtas coimeádaíochta neamhspleách a athmheasúnú tar éis tréimhse leanúnach de shaothar atá bunaithe ar thoradh á spreagadh ag spriocdhátaí.

Chomh maith leis sin, is féidir úsáid a bhaint as an sparánacht seo chun tacú leat le do chostais spáis oibre, saoráidí taighde, cónaitheachtaí, oiliúint agus obair le meantóirí, léiritheoirí nó comhoibrithe.

## Dámhachtain Oliver Dowling

Bhí Oliver Dowling ina phríomhphearsa sna hamharc-ealaíona in Éirinn. Ba chomhghleacaí urramach agus meantóir den chéad scoth é do neart ealaíontóirí agus coimeádaithe i rith a shaoil.

Bhí sé ina bhall den Chomhairle Ealaíon in 1967 den chéad uair agus ba Oifigeach Taispeántais é ó dheireadh na 1960idí go lár na 1970idí, ag filleadh mar Oifigeach Amharc-ealaíon agus mar Speisialtóir ina dhiaidh sin idir 1997 agus 2005. Cailleadh i mí Eanáir 2024 é.

In 2025, bronnfaidh an Chomhairle Ealaíon **Dámhachtain Sparánachta aonuaire** chun Oliver Dowling, nach maireann, a chomóradh.

€20,000 atá i gceist leis an dámhachtain agus bronnfar í ar an iarratasóir a fhaigheann an scór is airde i mBabhta 1 den Dámhachtain Amharc-ealaíon in 2025. Cuirfear gach iarratasóir do Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon san áireamh do Dhámhachtain Oliver Dowling.

Spriocdháta: 5.30pm, Déardaoin an 13 Feabhra 2025

**Tabhair faoi deara:** Má bhronntar Dámhachtain Oliver Dowling ort, rachfar i dteagmháil leat chun a chinntiú go mbeidh tú ag glacadh leis an dámhachtain seo.

Foghlaim tuilleadh faoinár dámhachtain sparánachta bhreise.

## 1.2 Athrú ar Bhabhta 1 de Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon 2025

Bronnfaidh an Chomhairle Ealaíon Dámhachtain Sparánachta aonuaire in 2025 chun Oliver Dowling, nach maireann, a chomóradh.

Bhaineamar úsáid as treoirlínte Béarla Simplí chun cáipéisí Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon a nuashonrú.

## 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an dámhachtain seo oscailte d'ealaíontóirí gairmiúla agus do choimeádaithe ar cónaitheoirí de chuid Phoblacht na hÉireann iad.

Ach, i líon teoranta cásanna, féadfaimid glacadh le hiarratais ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Sa chás seo, ní mór duit a lua i d'fhoirm iarratais an chaoi a rachadh do thogra chun tairbhe na n-ealaíon i bPoblacht na hÉireann. Chaithfimis a bheith sásta le do mhíniú.

Ní mór uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) a bheith agat chun a bheith ábalta iarratas a chur isteach.

**Ealaíontóir nó coimeádaí gairmiúil** is ea duine:

- A thugann faoi ghairm bheatha mar ealaíontóir nó mar choimeádaí in aon fhoirm ealaíne go gníomhach

- A áiríonn a gcuid cleachtais ealaíon mar a bpríomh-phroifisiún nó gairm bheatha. Baineann seo fiú murab é a gcuid oibre na healaíona a bpríomh-fhoinse ioncaim nó má tá fostaíocht eile acu.
- Atá aitheanta mar ealaíontóir nó coimeádaí cleachtach gairmiúil i measc a bpiaraí.

## Babhtaí agus snáitheanna sparánachta

Is féidir leat cur isteach ar **aon bhabhta amháin** de Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon in 2025. Beidh dhá bhabhta ann in 2025.

Osclófar Babhta 2 den Dámhachtain Sparánachta seo go déanach i mí Bealtaine 2025.

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ach faoi **shnáithe amháin** den dámhachtain sa bhabhta maoinithe seo. Ní mór duit an snáithe ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat a chur in iúl i gcuid 1.5 den fhoirm iarratais.

## Nóta maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht

Mar chuid dár mBeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (CÉI), cuirimid fáilte roimh iarratasóirí ó gach cuid den phobal.

Tá aon cheann de na saintréithe sa liosta thíos le háireamh leis sin, cé nach bhfuil sé teoranta dóibh. Áirítear leis seo tionscnaimh a sholáthraíonn deiseanna nó torthaí cothroma do gach duine lena mbaineann.

- Inscne
- Claonadh gnéis
- Stádas sibhialta nó teaghlaigh

- Reiligiún
- Aois
- Míchumas
- Cine
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cúlra socheacnamaíoch.

I gcás na scéime maoinithe seo, cuirimid fáilte roimh iarratais atá ionadaíoch ar ilchineálacht shochaí na hÉireann.

## 1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Ní bheimid ábalta glacadh le d'iarratas má bhaineann tú le haon cheann de na catagóirí seo:

- Eagraíocht
- Mac léinn fochéime lánaimseartha (ina measc sin bonnchúrsaí)
- Ag lorg tacaíochta i dtreo táillí le haghaidh ardoideachais/oideachas iarchéime
- Ag lorg tacaíochta i dtreo oibre atá á déanamh agat mar chuid de chúrsa foirmiúil, d'intéirneacht nó d'obair dheonach
- Má tá tú fostaithe go lánaimseartha, caithfidh tú a bheith ag lorg am saor ón bhfostaíocht chun oibriú ar do chleachtas, agus ba chóir an chaoi a bhfuil sé i gceist agat tabhairt faoi seo a leagan amach i d'iarratas

- Ní cónaitheoir de chuid Phoblacht na hÉireann thú (féach 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? le fáil amach faoi na heisceachtaí a bhaineann leis seo)
- Comhalta Aosdána a fhaigheann cnuas (stipinn).

Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná Dámhachtain Sparánachta amháin in aon bhabhta maoinithe amháin. Mar shampla, ní féidir iarratas a dhéanamh ar Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon agus ar Dhámhachtain Sparánachta Amharclannaíochta in aon bhabhta amháin.

## 1.5 Cá mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith?

Cuirtear maoiniú ar fáil don sparánacht seo de réir **bandaí**. Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar cheann amháin de na méideanna seo a leanas:

- **€20,000**
- **€15,000**
- **€10,000**

Má chuireann tú isteach ar shuim ar bith seachas suim an bhanda, slánófar aon thairiscint a dhéantar duit go dtí an chéad bhanda eile is ísle. Mar shampla, má iarrann tú €19,500, uasmhéid aon tairisceana féideartha is ea €15,000.

Ní féidir leat iarratas a chur isteach ar mhéid níos lú ná €10,000 nó níos mó ná €20,000. Má dhéantar amhlaidh, beidh d'iarratas neamh-incháilithe agus ní dhéanfar measúnú air.

Mar sin féin, féadfaidh ealaíontóirí faoi mhíchumas costais rochtana bhreise a chur san áireamh ina n-iarratas. Tá sé seo ar leithligh ón méid a iarrann tú le haghaidh do thogra.

Cuir isteach an tsuim ar mhaith leat cur isteach uirthi i gcuid 3 den fhoirm iarratais.

Is dámhachtain do bhliain amháin í an sparánacht seo. Ní bhaineann an dámhachtain seo le níos mó ná bliain amháin.

## Nóta i dtaobh tú féin a íoc

Tá béim na dámhachtana seo ar **"am a cheannach"** do do chleachtas ealaíon.

Ba cheart an méid ba mhaith leat a íoc leat féin as an am a chaithfidh tú ag forbairt do chleachtais a chur san áireamh sa mhéid a iarrann tú. D'fhéadfadh go mbeadh sé seo cothrom le suas le 100% den dámhachtain.

Ba cheart duit íocaíocht chuí a thabhairt duit féin. Déan cinnte go ndéanann tú iarratas ar do dhóthain maoinithe le do chuid cuspóirí a bhaint amach.

Ba cheart go mbeadh an méid a íocann tú leat féin oiriúnach do na coinníollacha caighdeánacha i do réimse den chleachtas ealaíon.

## Nóta faoi chostais eile

## Snáithe 1: Amharc-ealaíontóirí

Ceadaíonn an dámhachtain seo duit aon chostais eile a d'fhéadfadh tacú leat do chleachtas a fhorbairt a chur san áireamh. Mar shampla:

- Táillí don am a chaitheann meantóirí, oiliúnaithe, léiritheoirí nó comhoibrithe ag obair leat ar na gníomhaíochtaí i d'iarratas
- Costais na n-ábhar nó seirbhísí a lorg atá riachtanach chun do chleachtas a fhorbairt. Ní mór na hábhair nó na seirbhísí seo a nascadh go soiléir leis an gcuspóir "am a cheannach". D'fhéadfadh go mbeadh

costais an ábhair seo cothrom le suas le 15% den mhéid iomlán a iarrann tú.

## Snáithe 2: Coimeádaithe

Ceadaíonn an dámhachtain seo duit aon chostais eile a d’fhéadfadh tacú leat do chleachtas coimeádaíochta a fhorbairt a chur san áireamh. Mar shampla:

- Costais taighde
- Costais oiliúna.

D’fhéadfadh na costais seo teacht ó na nithe seo a leanas:

- Caidrimh a fhorbairt le healaíontóirí
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí nó le hinstitiúidí
- Deiseanna don mheantóireacht, léiriú nó comhoibriú gairmiúil a chur chun cinn
- Foinsí eile maoinithe agus tacaíochtaí a chothú
- An cumas a fhorbairt chun gníomhaíochtaí amharc-ealaíon uaillmhianach agus d’ardchaighdeán a choimisiúnú agus a léiriú.

## Costais rochtana d’ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta dár gcláir mhaoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách.

Tógann an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar mhíchumas ó Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ina sonraítear:

> "Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas na daoine sin ar a bhfuil mallachair fhadtéarmacha de chineál colainne, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ar mallachair iad, nuair a nasctar iad le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc ar a rannpháirtíocht iomlán éifeachtach sa tsochaí ar an mbonn céanna le daoine eile."

Is féidir leat costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh laistigh de d'iarratas agus tá dhá chineál ann ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu.

### 1. Costais phearsanta do rannpháirtithe nó do dhaoine faoi mhíchumas

Ba cheart go mbainfeadh na costais seo bacainní d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas a bhfuil do thogra á sheachadadh acu. Mar shampla:

- Tusa
- Na príomhealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra
- Comhpháirtithe nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin
- Príomhfhoireann nó príomhphearsanra riaracháin.

D'fhéadfaí na cinn seo a leanas a áireamh le roinnt samplaí den tacaíocht:

- Ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann do rannpháirtí nó do rannpháirtithe
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana.
- Am breise sa stiúideo.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir cur isteach ar na costais seo anuas ar an uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain.

## 2. Costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas – costais a bhaineann le do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine eile

Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfidh tuilleadh daoine sásamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar, agus sásamh a bhaint as an obair a mhaoinímid.

Is costais iad seo chun do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ba cheart iad a mheas mar ghnáthchuid de do chuid oibre.

Sampla de chostais rochtana chun do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do lucht féachana is ea:

- Ateangaire TCÉ le haghaidh d’imeacht nó le haghaidh do thaibhithe
- Seirbhís tráchtaireachta fuaime a úsáid
- Do shuíomh gréasáin a chur in oiriúint do léitheoirí scáileáin
- Ábhair thaispeántais a chruthú i bhformáidí eile amhail Braille nó fuaim.

## Cad a tharlóidh má tá an maoiniú a thairgtear dom níos lú ná an méid a d'iarr mé?

Má thairgtear maoiniú duit atá níos lú ná an méid a d'iarr tú, pléifimid leat conas a bheartaíonn tú do ghníomhaíocht mholta a sheachadadh.

## Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

Ní mór dúinn tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil tú ag cur isteach ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad riachtanais do rannpháirtithe nó do lucht féachana.

Má chuireann tú costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i do thogra, ní mór duit na costais a léiriú in dhá líne ar leithligh den fhoirm iarratais.

- Líne do chostais rochtana phearsanta do dhaoine nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas agus sin amháin
- Líne do chostais rochtana phoiblí do dhaoine faoi mhíchumas amháin

Caithfear cáipéis a uaslódáil freisin ina liostaítear na costais sin i dteannta na n-ábhar tacaíochta. Má tá tú ag déanamh iarratas ar chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas agus ar chostais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas araon, caithfidh tú doiciméad a áireamh le haghaidh an dá chineáil.

Lena fháil amach an bealach a ndéanaimid d'iarratas a mheasúnú, féach cuid 5 de na treoirlínte thíos.

## 1.6 Cén seans atá agat tacaíocht a fháil?

Is dámhachtain fhíor-iomaíoch í seo. Faighimid i bhfad níos mó iarratas ná mar is féidir linn maoiniú a chur ar fáil dóibh.

Má éiríonn le d'iarratas, déanfaimid iarracht an tsuim iomlán mhaoinithe a d'iarr tú a thabhairt duit.

Mar sin féin, coimeádaimid an ceart chun méid níos lú a thairiscint duit, má mheastar do thogra a bheith indéanta ar scála laghdaithe.

## 1.7 Costais nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith na gcostas seo a leanas:

- Costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana

- Iarratais chaipitiúla chun trealamh a cheannach nó feabhas a chur ar spásanna oibre
- Síntiúis nach mbaineann leis an togra seo. Cuirtear ceadúnais leanúnacha bogearraí san áireamh leis seo.
- Táillí ballraíochta.

## 1.8 Gníomhaíochtaí nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith na gcostas seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana
- Gníomhaíochtaí a oireann níos fearr do dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon
- Gníomhaíochtaí a oireann níos fearr do thacaíocht ó ghníomhaireacht rialtais nó gníomhaireacht phoiblí eile. Tá Cultúr Éireann, Fís Éireann agus institiúidí tríú leibhéal i measc roinnt samplaí díobh.
- Gníomhaíochtaí neamhealaíonta amhail gníomhaíochtaí acadúla
- Gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích agat cheana
- Gníomhaíochtaí ar cuireadh tús leo sula ndearnadh cinneadh maidir le d'iarratas (faigh amach tuilleadh faoi chinntí in 5. Tar éis duit iarratas a chur isteach – an méid a tharlaíonn ansin)
- Gníomhaíochtaí ag carthanais chláraithe chun airgead a bhailiú d'eagraíochtaí eile
- Gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu páirt a ghlacadh i gcomórtas

- Gníomhaíochtaí chun brabús a ghnóthú.

Ní féidir leat cur isteach ar ghníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin, mura féidir leat a léiriú go ndearna tú forbairt shuntasach ar an togra.

Is eisceacht air sin an cás ina dtugaimid treoir shainráite go n-atreorófá d'iarratas ar an dámhachtain sin.

**Tabhair faoi deara:** Ní haon tásc é an moladh seo go bhfaighidh an t-iarratas maoiniú.

## 1.9 Ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur san áireamh i dteannta le d'fhoirm iarratais. Is cuidiú atá sna doiciméid sin don duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas le tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra.

Mura n-uaslódálann tú ábhar tacaíochta, beidh d'iarratas neamhiomlán agus ní féidir linn measúnú a dhéanamh air. Is é ábhar tacaíochta a bheith in easnamh an chúis is coitianta le hiarratais neamh-incháilithe.

Ní mór duit an fhaisnéis thíos a léamh go cúramach agus an t-ábhar tacaíochta a iarraimid a chur le d'iarratas.

### Ábhar tacaíochta éigeantach do gach iarratasóir

- CV cothrom le dáta, mionsonraithe ar leithligh (trí leathanach ar a mhéad) ina bhfuil cur síos soiléir ar do réimse cleachtais agus ar do chuntas teiste ealaíonta
- Samplaí amhairc nó scríofa ardchaighdeáin de do shaothar ina léirítear do chleachtas go dtí seo. Ba cheart duit grianghraif agus íomhánna gluaisteacha a lipéadú go soiléir. Nuair is cuí, ba cheart liosta íomhánna

a chur leis an méid sin ina luaitear comhthéacs gearr i scríbhinn do gach saothar. Ag brath ar na meáin a úsáidtear i do chleachtas, is féidir é seo a leanas a úsáid mar threoir:

- Deich n-íomhá shocair ardchaighdeáin ar a mhéad, lena n-áirítear íomhánna sonraithe agus seatanna suiteála.
- Trí shliocht ar a mhéad as saothar íomhánna gluaisteacha (samplaí trí nóiméad) mar aon le mínithe orthu.

Má chuir tú aon duine nó eagraíocht eile le do thogra, ní mór duit ábhar tacaíochta breise a chur le d'iarratas.

- Beathaisnéisí gairide a thugann achoimre ar a saineolas, a gcreidiúnú agus a gcuntais teiste
- Litreacha tacaíochta ina dtugtar achoimre ar a rannpháirtíocht i do shaothar molta, ina measc sin dearbhú na táille.

## Ábhar breise i gcásanna áirithe

I roinnt cásanna, is féidir gur gá duit roinnt ábhar breise tacaíochta a chur isteach le d'iarratas.

### Costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

Má tá costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i d'iarratas, ba cheart duit doiciméad a uaslódáil ina liostaítear na costais sin. Má tá tú ag déanamh iarratas ar chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas agus ar chostais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas araon, caithfidh tú doiciméad a áireamh le haghaidh an dá chineáil.

Déan cinnte de do chostais rochtana iomlána do dhaoine faoi mhíchumas a liostú ar leithligh i do dhoiciméad buiséid féin nó i dteimpléad bhileog bhuiséid Excel na Dámhachtana Sparánachta Amharc-ealaíon.

Tuilleadh eolais faoi chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas d'ealaíontóirí, rannpháirtithe agus lucht féachana.

## Oibriú le hainmhithe

Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de do *Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* a chur ar fáil.

## Oibriú le leanaí agus daoine óga

Má sholáthraítear seirbhísí cultúrtha, áineasa, oideachasúla nó seirbhísí eile do leanaí nó do dhaoine óga faoi bhun ocht mbliana déag mar chuid de do thogra, ní mór beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm agat.

- Ní mór duit a chur in iúl cé acu a bhaineann nó nach mbaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo i gcuid 1 den fhoirm iarratais.
- Má fhreagraíonn tú "Baineann" agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat.
- Ní mór duit ár bhfoirm féin-iniúchta um chosaint leanaí a chomhlánú. Ní gá duit doiciméad breise a uaslódáil ag an iarraidh seo. Má éiríonn le d'iarratais, is féidir gur gá duit a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí curtha i bhfeidhm agat.

### Obair le daoine fásta soghonta

Má bhíonn obair le daoine fásta soghonta i gceist le do thogra, ní mór duit tásc a thabhairt air sin i gcuid 1 den fhoirm iarratais.

Leis sin, aithníonn tú go gcloíonn tú leis an mBeartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Leochaileacha atá i mBaol Drochúsáide.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir go n-iarrfaimid ort tuilleadh fianaise a chur ar fáil de chomhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta sin má éiríonn le d’iarratas.

## 1.10 Incháilitheacht – iarratais nach nglacfaimid leo

Ní ghlacfaimid le d'iarratas sna himthosca seo a leanas:

- Tháinig sé isteach tar éis an spriocdháta d’iarratais.
- Níor uaslódáil tú d’fhoirm iarratais agus d’ábhar tacaíochta trínár dtairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne.
- Níor chomhlíon tú na critéir in 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh
- Níor chomhlánaigh tú gach cuid den fhoirm iarratais a bhí riachtanach.
- Níor thug tú an t-ábhar tacaíochta a rabhamar á lorg.
- Níor chuir tú d’ábhar tacaíochta ar fáil san fhormáid cheart. Féach 2.5 Ullmhaigh do chuid ábhair thacaíochta.
- D'iarr tú ar níos mó nó ná an méid atá ceadaithe. Mar sin féin, is féidir leat costais phearsanta rochtana bhreise do dhaoine faoi mhíchumas a iarraidh má éilítear amhlaidh le do thogra. Féach Costais rochtana d’ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas.

- Rinne tú iarratas ar ghníomhaíochtaí nó ar chostais nach bhfuil cumhdaithe ag an dámhachtain seo. Féach 1.7 Costais nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith agus 1.8 Gníomhaíochtaí nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith.
- Tá d'iarratas níos oiriúnaí do dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon. Cuirfimid an dámhachtain eile in iúl duit sa chás sin.
- Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chomhlacht rialtais nó comhlacht poiblí eile.

Má tá d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfaimid measúnú air. Sa chás sin, beidh tú i dteideal iarratas a dhéanamh an athuair leis an togra céanna chuig babhta maoinithe éigin amach anseo.

## 1.11 Cabhair theicniúil a fháil do d'iarratas

Le tuilleadh a fháil amach faoi úsáid a bhaint as an tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne, gabh chuig cuid Ceisteanna Coitianta (CC) dár láithreán gréasáin.

Is féidir leat amharc ar ár dtreoraíocht físeáin freisin ar d'fhoirm iarratais a íoslódáil, a chomhlánú agus a uaslódáil.

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus d'iarratas á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ar na bealaí seo a leanas:

- **Ríomhphost:** onlineservices@artscouncil.ie
- **Guthán:** 01 618 0200 nó 01 618 0243

Tuairiscigh aon fhadhb theicniúil dúinn a luaithe is féidir roimh an spriocdháta (cuir i gcás mura féidir leat do dhoiciméid a uaslódáil).

Dámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon 2025: Treoirlínte d’Iarratasóirí

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

**Tabhair faoi deara:** Is minic a chuirtear líon mór glaonna agus an spriocdháta ag druidim linn. Is féidir nach mbeidh tú in ann na glaonna teicniúla-tacaíochta a réiteach má fhaighimid tar éis 2.00pm ar an spriocdháta iad.

# 2. Sula ndéanfaidh tú iarratas

Ba cheart duit an chuid seo a léamh sula dtosaíonn tú ar d'iarratas.

Tá go leor comhairle mhaith inti chun cabhrú leat d'iarratas a chumadh in am agus ar an mbealach ceart.

## 2.1 An próiseas iarratais a mhiondealú ina chéimeanna

Molaimid an próiseas iarratais a bhriseadh suas sna céimeanna seo a leanas. Cabhróidh sé sin leat chun a chinntiú go gcuireann tú isteach d'iarratas in am.

### 1. Seiceáil má tá tú incháilithe don dámhachtain seo

Ní dhéanaimid measúnú ach ar iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta don dámhachtain seo.

Léigh 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? agus 1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? lena chinntiú gurb é seo an dámhachtain cheart duit.

### 2. Cláraigh ar an tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne

Ní mór duit cuntas a cheapadh ar thairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon le hiarratas a dhéanamh.

Cláraigh go luath. D'fhéadfadh sé suas le cúig lá oibre a thógáil orainn do chlárúchán a phróiseáil.

### 3. Do chuid ábhair thacaíochta a ullmhú

Ní mór duit d'ábhar tacaíochta a uaslódáil tríd an tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne sna formáidí comhad cearta.

Déan cinnte de go mbeidh dóthain ama agat le do dhoiciméid a ullmhú sna formáidí seo.

### 4. Cuir d’iarratas isteach ar Sheirbhísí ar Líne

Déan cinnte de go rachaidh tú i dtaithí ar an tairseach maoiniúcháin Seirbhísí ar Líne sula gcuirfidh tú d’iarratas faoi bhráid. Is smaoineamh maith é sin a dhéanamh roimh an spriocdháta.

## 2.2 Ag clárú i gcomhair cuntas Seirbhísí ar Líne

Ní féidir linn glacadh ach le hiarratais ar líne ach do Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon. Ní féidir linn glacadh le foirmeacha iarratais ná le hábhar tacaíochta a dhéantar ar bhealach ar bith eile (mar shampla, trí phost, facs nó ríomhphost).

Teastaíonn cuntas Seirbhísí ar Líne uait le d’iarratas a chur isteach.

### Iarratasóirí nua

Más rud é go bhfuil iarratas á dhéanamh agat den chéad uair, ba cheart duit clárú le haghaidh do chuntais a luaithe agus is féidir.

D’fhéadfadh sé suas le cúig lá oibre a ghlacadh orainn an próiseas clárúcháin a chomhlánú duit.

Seolfaimid Uimhir Chlárúcháin Ealaíontóra uathúil (UCE) agus pasfhocal chugat le haghaidh do chuntais laistigh de chúig lá oibre.

#### Conas clárú

1. Gabh chuig tairseach maoinithe na Seirbhísí ar Líne.
2. Cliceáil **Cláraigh.**

3. Roghnaigh **Duine aonair**.
4. Cliceáil **Ar Aghaidh**.
5. Cuir isteach do sheoladh r-phoist agus uimhir PSP.
6. Cliceáil **Ar Aghaidh**.
7. Faoin **Ainm**, roghnaigh do theideal agus cuir d'ainm isteach.
8. Faoi **Sonraí teagmhála**, cuir isteach do sheoladh baile agus roghnaigh do thír.
9. Faoi **Ríomhphost** agus **PSP**, cuir uimhir theagmhála isteach.
10. Iontráil an cód don scagaire turscair.
11. Cliceáil **Cláraigh**.

## Iarratasóirí roimhe seo

Má chláraigh tú le haghaidh cuntais roimhe seo, ní gá duit clárú le haghaidh cuntas nua don iarratas seo.

Ba cheart duit do chuntas agus do UCÉ atá ann cheana a úsáid chun iarratas a dhéanamh. Má tá dearmad déanta agat ar do phasfhocal, is féidir leat ceann nua a iarraidh.

## Riachtanais theicniúla maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Chun an tairseach mhaoinithe Seirbhísí ar Líne a úsáid, ní foláir do do ríomhaire agus do bhrabhsálaí gréasáin na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh.

### PC

- Córas oibriúcháin Windows 7 (nó leagan níos nuaí de Windows)
- An leagan is deireanaí de cheann de na brabhsálaithe seo:

   - Microsoft Edge
   - Google Chrome
   - Safari
   - Mozilla Firefox

### Mac

- Mac OS X v10.5 Leopard (nó leagan níos nuaí de Mac OS)
- An leagan is deireanaí de cheann de na brabhsálaithe seo:
   - Microsoft Edge
   - Google Chrome
   - Safari
   - Mozilla Firefox

## 2.3 A chinntiú go ndéanann tú iarratas faoi d’ainm

Ní féidir linn aon mhaoiniú a fhaighimid a íoc ach amháin leis an gcuntas bainc atá i dtaisce an ainm atá cláraithe agat a iontráil tú i gcuid 1.1 den fhoirm iarratais.

Ciallaíonn sé sin nach mór d’aon doiciméadacht a chuireann tú isteach mar chuid de d’iarratas a bheith i d’ainm.

### Sampla

- Déanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon le maoiniú a fháil faoin ainm “Maire de Barra”.

- Aon doiciméadacht a chuireann tú faoi bhráid, ní mór di a bheith faoin ainm sin.
- Ní mór do na sonraí bainc agus na sonraí cánach a chuireann tú isteach a bheith faoin ainm seo.
- Ní ghlacfar le leaganacha éagsúla amhail Mary Barry nó Máire Barry.
- Má éiríonn le d'iarratas, ní íocfaimid maoiniú ar bith a thairgimid ach amháin isteach i gcuntas bainc atá i seilbh d'ainmse.

## 2.4 Seiceáil na bogearraí atá ar do ríomhaire sula ndéanann tú iarratas

Ní mór duit ríomhaire deisce nó glúine a úsáid chun d'iarratas a chur isteach. Ní féidir iarratas a chur isteach agus fón póca, táibléad nó gléas eile in úsáid agat.

Caithfidh tú Microsoft Word (Ríomhaire Deisce) nó OpenOffice Writer chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú. Déan cinnte de go bhfuil ceann amháin de na ríomhchláir seo suiteáilte ar do ríomhaire agat.

### OpenOffice a úsáid

Bogearraí saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir leat a íoslódáil ó leathanach oifigiúil íoslódálacha OpenOffice.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil maidir le OpenOffice a úsáid chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú san fhíseán seo ón gComhairle Ealaíon.

Ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid.

Le leaganacha níos déanaí den OpenOffice Writer is féidir an chaoi a dtaispeántar ár bhfoirmeacha iarratais a athrú nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

Má bhaineann aon fhadhb duit le OpenOffice a shuiteáil nó a úsáid, déan teagmháil le onlineservices@artscouncil.ie a luaithe agus is féidir. Déantar amhlaidh lena chinntiú go mbeidh dóthain ama againn chun cuidiú leat an fhadhb a réiteach.

### Nótaí tábhachtacha d’úsáideoirí Apple Mac

Má úsáideann tú Mac leis an gcóras oibriúcháin Mac OS Mojave (10.14) nó níos luaithe, d'fhéadfadh an suíomh gréasáin OpenOffice a insint duit gur gá duit leagan 4.1.1 nó 4.1.2 a íoslódáil.

Déan neamhaird den mholadh seo agus íoslódáil 4.0.1 ina ionad sin.

Má tá Mac agat ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina (10.15) nó níos nuaí, ní bheidh tú ábalta OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil. Caithfidh tú leagan OpenOffice 4.1.11 nó níos nuaí a shuiteáil ina ionad.

## 2.5 Glac do chuid ama chun d’iarratas a ullmhú

Ba cheart duit go leor ama a fhágáil chun ullmhú le d’iarratas a chur isteach. Déantar é seo ionas go mbeidh do dhóthain ama agat chun an t-iarratas is fearr is féidir a dhéanamh.

Íoslódáil an fhoirm iarratais ó do chuntas Seirbhísí Ar Líne a luaithe agus is féidir ionas go mbeidh cur amach agat uirthi.

Déan cinnte go seiceáiltear go ndéantar an méid seo a leanas:

- Tá tú ag cur isteach ar an dámhachtain cheart
- Tá an fhoirm iarratais cheart íoslódáilte agat

- Comhlíonann d'iarratas na treoirlínte sa doiciméad seo
- Tá dóthain ama agat chun tascanna an iarratais uile a chomhlánú roimh an spriocdháta.

Ba cheart duit d'iarratas a uaslódáil chuig an tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne **48 n-uair an chloig ar a laghad** roimh an spriocdháta.

Ar an gcaoi sin, má bhíonn aon fhadhb theicniúil agat, beidh am agat dul i dteagmháil linn chun cuidiú leat.

**Tabhair faoi deara:** Is minic a bhíonn líon mór úsáideoirí ar Sheirbhísí ar Líne ar an tráthnóna deireanach roimh an spriocdháta agus is féidir go dtógfaidh do dhoiciméid i bhfad níos faide ná mar is gnách le huaslódáil.

## 2.6 Ullmhaigh do dhoiciméid tacaíochta

Ní mór duit doiciméid tacaíochta a áireamh le d'iarratas i dteannta d'fhoirme iarratais. Cabhraíonn sé seo leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra.

Lena fháil amach an méid a theastaíonn uait a chur isteach, féach 1.9 An t-ábhar tacaíochta a bheidh ort a chur isteach.

Ní ghlacfaimid ach leis na doiciméid tacaíochta a uaslódálann tú i bhformáid leictreonach chuig tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne. Má tá doiciméid agat nach bhfuil i bhformáid leictreonach, ba cheart duit iad a scanadh agus a shábháil le go mbeidh tú in ann iad a uaslódáil.

Ba cheart duit do dhoiciméid tacaíochta go léir a chur isteach i gcomhaid ar leithligh freisin.

## Na formáidí comhaid a nglactar leo

Seiceáil an tábla thíos chun na formáidí comhaid inghlactha is féidir leat a úsáid mar chuid d’iarratas a fheiceáil. Ní féidir leat ach na cineálacha comhaid seo a chur isteach.

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| Téacschomhaid | .rtf<br>.doc<br>.docx<br>.txt |
| Comhaid íomhá | .jpg<br>.gif<br>.tiff<br>.png |
| Comhaid fuaime | .wav<br>.mp3<br>.m4a |
| Comhaid físe | .avi<br>.mov<br>.mp4 |
| Comhad scarbhileoige | .xls |
| Comhaid PDF | .pdf |

## Do chomhaid a ainmniú

Is smaoineamh maith é do chomhaid go léir a bhailiú in aon fhilltéan amháin ar do ríomhaire ionas gur fusa iad a uaslódáil le chéile.

Úsáid comhadainmneacha a léiríonn go soiléir an méid atá iontu nó an méid a léirítear leo.

Ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé is CV, bileog buiséid nó cineál eile ábhair thacaíochta atá sa doiciméad.

Seo a leanas roinnt samplaí de chomhaid le hainmneacha soiléire le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell:

- Jack Russell - Iarratas ar Sparánacht Ailtireachta.docx
- Jack Russell - Gearrthóg Thaibhithe.mp4
- Jack Russell - Costais Rochtana Phearsanta do Dhaoine faoi Mhíchumas.doc

**Tabhair faoi deara:** Ná húsáid na carachtair **" * : < >? / ** in ainmneacha na gcomhad.

### Uasteorainn ar mhéid an chomhaid

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

## 2.7 Ullmhaigh do naisc URL

Chun samplaí de do chuid oibre a sholáthar dúinn, is féidir leat na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Iad a uaslódáil go díreach chuig Seirbhísí Ar Líne
- Naisc URL a úsáid (na seoltaí iomlána ina bhfuil d’ábhar óstáilte) chuig ardáin sruthaithe.

Más mian leat naisc a úsáid, cóipeáil na URLanna isteach i ndoiciméad Microsoft Word (Deasc), OpenOffice Writer nó PDF. Ansin, uaslódáil an doiciméad i Seirbhísí Ar Líne i dteannta do dhoiciméad tacaíochta.

Is samplaí áirithe d’ardáin chomhroinnte inghlactha iad YouTube, Vimeo, SoundCloud agus Bandcamp.

Ní ghlacaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna ar féidir comhaid a roinnt orthu amhail Google Drive nó OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta amhail Meta nó Instagram
- Ardáin sruthaithe a chuireann teorainn le rochtain ar shíntiúsóirí íoctha
- Do láithreán gréasáin pearsanta féin.

**Tábhachtach:** Ní féidir leat ach samplaí oibre a sholáthar trí URLanna a úsáid.

Ní mór duit doiciméid tacaíochta eile amhail CVanna nó litreacha tacaíochta a uaslódáil mar chomhaid.

## Leideanna chun naisc URL a úsáid

- Ní féidir le measúnóirí úsáid a bhaint ach amháin as naisc URL a chuireann tú ar fáil.
- Déan cinnte de go n-oibreoidh gach nasc a sheolann tú agus go dtabharfaidh na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart.
- Déan cinnte de go socróidh tú ceadanna féachana d’ábhair chuig ‘Poiblí’.

- Ní bheimid in ann féachaint ar ábhair atá socraithe mar ábhair atá “Príobháideach”.
- Más mian leat físeán YouTube a roinnt linn ach nach dteastaíonn uait go mbeadh an físeán poiblí, is féidir leat socrú príobháideachta d’fhíseáin a athrú go “Neamhliostaithe”.

## 3. D’fhoirm iarratais a chomhlánú

Tá treoir i ngach cuid den fhoirm iarratais chun cabhrú leat a fháil amach an méid atá le cur san áireamh. Is féidir leat na leideanna thíos a úsáid freisin chun cabhrú leat na ceisteanna san fhoirm a fhreagairt.

Nuair a fhreagraíonn tú iad, smaoinigh ar an méid seo a leanas:

- Do chuntas teiste agus do chumas féideartha
- An chaoi a gcabhróidh do thogra leat scileanna agus smaointe nua a fhorbairt
- An tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag do thionscadal (e.g. ar lucht féachana nó ar phobal)
- An chaoi a réitíonn do thogra le réimse do chleachtais
- Cé chomh hinoibrithe agus atá do thogra (e.g. más féidir do thionscadal a chur i gcrích laistigh den bhuiséad agus den fhráma ama a moltar)

Ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh d’iarratas neamh-incháilithe agus ní féidir linn é a mheasúnú.

**Tábhachtach:** Tá formáid speisialta ag an iarratas ionas gur féidir linn faisnéis a bhaint uaidh le measúnú a dhéanamh uirthi.

Tá sé fíorthábhachtach go ndéanann tú na nithe seo a leanas:

- Clóscríobh taobh istigh de na boscaí liatha san fhoirm
- Gan iad a scriosadh ná clóscríobh taobh amuigh díobh.

Mura gcloíonn tú leis an gcomhairle seo, ní uaslódálfar d’fhoirm iarratais.

# 4. D'iarratas a chur isteach

Tar éis duit d'fhoirm iarratais a chomhlánú, féadfaidh tú na céimeanna thíos a leanúint lena huaslódáil ar thairseach maoinithe na Seirbhísí ar Líne agus í a chur isteach.

## 4.1. Logáil isteach chuig do chuntas chun tús a chur le d'iarratas

1. Téigh chuig leathanach logála isteach na Seirbhísí Ar Líne.
2. Logáil isteach chuig do chuntas.
3. Cliceáil **Déan Iarratas** ag bun an leathanaigh.

## 4.2. Déan do shonraí teagmhála a sheiceáil

4. Faoi **Dearbhú aitheantais**, seiceáil go bhfuil na sonraí teagmhála cruinn.
5. Má tá siad cruinn: cuir tic leis an ticbhosca in aice le **Deimhnigh go bhfuil do chuid sonraí cruinn.**
6. Mura bhfuil siad cruinn: cliceáil **An gá duit do phróifíl a nuashonrú?** agus déan do shonraí teagmhála a nuashonrú.
7. Cliceáil **Ar Aghaidh**.

## 4.3. Roghnaigh an maoiniú ar mian leat iarratas a dhéanamh air

8. Faoi **Roghnaigh clár maoinithe**, roghnaigh **Sparánacht** trí úsáid a bhaint as an roghchlár anuas Maoiniú.
9. Faoi **Dámhachtain atá Ar Fáil**, roghnaigh an fhoirm ealaíne nó an cleachtas ealaíon ábhartha.

10. Iontráil ainm le haghaidh d'iarratais sa réimse **Do thagairt.**
11. Cliceáil **Íoslódáil foirm iarratais** leis an bhfoirm a íoslódáil don dámhachtain seo. Faigh tuilleadh eolais maidir le d'fhoirm iarratais a chomhlánú
12. Cliceáil **Ar Aghaidh**.

**Tabhair faoi deara:** Le linn duit an fhoirm a chomhlánú, is féidir go logálfar amach as Seirbhísí ar Líne thú. Is féidir leat síniú isteach arís chun leanúint ar aghaidh le d'iarratas a chur isteach.

## 4.4. Iontráil méid an mhaoinithe atá á iarraidh

13. Faoi **An méid atá á iarraidh san iarratas**, iontráil an méid ba mhaith leat a iarraidh, an t-ioncam iomlán a bhfuil coinne agat leis, agus an caiteachas iomlán a bhfuil coinne agat leis.
14. Ba cheart gurb ionann **an Méid atá á iarraidh** agus **Caiteachas iomlán** lúide **Ioncam iomlán**.
    Tabhair faoi deara: Ba cheart go dtiocfadh na méideanna a iontrálann tú anseo leis na méideanna a d'iontráil tú i do chomhad buiséid mionsonraithe.
15. Cliceáil **Ar Aghaidh**.

## 4.5. Uaslódáil do dhoiciméid

16. Faoi **Uaslódáil foirm iarratais**, cliceáil **Roghnaigh Comhad.**
17. Roghnaigh d'fhoirm iarratais ón áit ar shábháil tú í ar do ríomhaire.

18. Cliceáil **Uaslódáil**

Tabhair faoi deara: Má fheiceann tú teachtaireacht a deir 'Ní féidir foirm a uaslódáil', déan iarracht d'fhoirm iarratais a shábháil mar chomhad .doc agus uaslódáil arís í. Murar féidir leat í a uaslódáil fós, déan teagmháil linn.

19. Faoi **Uaslódáil ábhar tacaíochta**, roghnaigh an cineál doiciméid is mian leat a uaslódáil trí úsáid a bhaint as an roghchlár anuas.

Tábhachtach: Ná roghnaigh 'Postáil doiciméad'.

20. (Roghnach) Cuir nóta leis anseo le cur síos a dhéanamh ar an ábhar a bhfuil tú á uaslódáil.

21. Cliceáil **Brabhsáil**.

22. Roghnaigh an comhad doiciméid tacaíochta ó do ríomhaire.

23. Cliceáil **Uaslódáil**

24. Athdhéan céimeanna 19–23 le haghaidh gach ceann de do dhoiciméid tacaíochta.

25. Cliceáil **Ar Aghaidh**.

## 4.6. Cuir d'iarratas isteach

26. Déan na sonraí faoi d'iarratas a sheiceáil go cúramach.

27. Faoi **Dearbhú**, cuir tic leis an ticbhosca in aice le **Aontaím leis an dearbhú thuas**.

Tabhair faoi deara: Ní féidir leat d'iarratas a chur isteach mura gcuireann tú tic leis an mbosca seo.

28. Cliceáil **Cuir isteach**.

## Nótaí faoi d’iarratas a chur isteach

- Cliceáil **Sábháil Dréacht** tráth ar bith chun d'iarratas a shábháil gan é a chur isteach.
- Is féidir leat teacht ar ais chuig d’iarratas agus athruithe a dhéanamh air go dtí go gcuirfidh tú isteach é.
- Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, ní bheidh tú in ann aon athrú eile a dhéanamh. Athbhreithnigh go cúramach é sula seolfaidh tú isteach é.
- Má thugann tú faoi deara go bhfuil botún déanta agat tar éis duit d’iarratas a chur isteach, déan teagmháil linn a luaithe agus is féidir.

### An dteastaíonn tacaíocht theicniúil uait?

Déan teagmháil linn má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus d’iarratas á chur isteach agat.

- **Ríomhphost:** onlineservices@artscouncil.ie
- **Guthán:** 01 618 0200 nó 01 618 0243

Ní féidir linn tacaíocht theicniúil a ráthú duit má chuireann tú glaoch tar éis 2.00pm ar an spriocdháta.

# 5. Tar éis duit iarratas a chur isteach – an méid a tharlaíonn ansin

Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, gheobhaidh tú an méid seo a leanas:

- Ríomhphost láithreach chun a chur in iúl duit go bhfuaireamar d'iarratas
- An dara ríomhphost cúpla nóiméad ina dhiaidh sin le d'uimhir iarratais.

**Tabhair faoi deara:** Mura bhfaigheann tú na ríomhphoist sin uainn, déan teagmháil linn ag onlineservices@artscouncil.ie a luaithe agus is féidir.

Do do chinneadh, gheobhaidh tú:

- Ríomhphost laistigh de 12-15 seachtaine a inseoidh duit **murar** cuireadh d'iarratas ar an ngearrliosta. Má chuirtear d'iarratas ar ghearrliosta, déanfaidh an coiste athbhreithniú air.
- Ríomhphost laistigh de 12-15 seachtaine a inseoidh duit má d'éirigh le d'iarratas nó murar éirigh leis.

**Tabhair faoi deara:** Braitheann an t-achar ama sin ar líon na n-iarratas a fhaighimid.

## 5.1 An chaoi a ndéanaimid cinntí

Déanann an Chomhairle Ealaíon measúnú ar gach iarratas incháilithe a fhaighimid. Déanaimid cinntí maidir leis na hiarratais sin agus cuirimid ár gcinntí in iúl d'iarratasóirí de réir ár nósanna imeachta.

Is é an aidhm atá againn a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le maoiniú a dhámhachtain.

Dámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon 2025: Treoirlínte d’Iarratasóirí

Próiseálaimid na hiarratais go léir a fhaighimid mar a leanas:

1. Déanaimid incháilitheacht an iarratais a sheiceáil. Téann gach iarratas incháilithe ar aghaidh chuig an gcéim mheasúnaithe.
2. Cuirimid gach iarratasóir neamh-incháilithe ar an eolas trí ríomhphost.
3. I roinnt cásanna, d’fhéadfaimis a bheith den bharúil go mb’fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air ar an gceann is oiriúnaí do do thogra. Sna cásanna sin, rachaimid i dteagmháil leat agus fiafróimid díot má tá tú sásta go mbogfar d’iarratas chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Is féidir leat rogha a dhéanamh ansin é a bhogadh nó é a fhágáil mar atá sé.
4. Déanann foireann agus comhairleoirí na Comhairle Ealaíon measúnú ar iarratais incháilithe bunaithe ar na critéir mheasúnaithe agus ar ár bpróiseas scórála.
5. Molann foireann agus comhairleoirí na Comhairle Ealaíon roinnt iarratas don ghearrliosta.
6. Déanann an piarphainéal athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus an t-ábhar tacaíochta a bhaineann leo. Cuireann an painéal scór leis na hiarratais agus déanann sé na cinntí ansin.
7. Cuirimid na cinntí in iúl trí ríomhphost d'iarratasóirí.
8. Tugann bord na Comhairle Ealaíon cinntí an mheasúnóra faoi deara.

Déanfaidh an fhoireann ealaíon don phríomhfhoirm ealaíon a roghnaigh tú ar d’iarratas measúnú ar d’iarratas.

Má roghnaíonn tú foirmeacha ealaíne nó cleachtais ealaíon eile de bheith ábhartha do d'iarratas freisin, is féidir go n-iarrfaidh an príomh-mheasúnóir ort measúnú tánaisteach a fháil ón bhfoireann chuí.

## 5.2 An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas

Is dámhachtainí iomaíocha iad dámhachtainí na Comhairle Ealaíon. Déanaimid iarratais a mheasúnú sa chomhthéacs iomaíoch sin. Tabharfaimid san áireamh freisin na hacmhainní a bhíonn ar fáil do na hiarratasóirí.

In 2024, d'éirigh le 18% de na hiarratais ar Dhámhachtain Sparánachta na nAmharc-ealaíon.

Bhí 801 iarratas ann ar an iomlán i mBabhta 1 agus i mBabhta 2.
Fuair 148 iarratas maoiniú.

Déanfar d'iarratas a mheasúnú ar bhonn na nithe seo a leanas:

- Caighdeán ealaíonta
- Na bealaí ina gcomhlíonann an togra cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana
- Indéantacht.

### Caighdeán ealaíonta

I gcás ár measúnaithe ar chaighdeán ealaíonta, dírítear ar do chleachtas ealaíontóra roimhe seo agus ar an gcineál togra atá ann.

Áirítear leis an measúnú seo:

- Do chuntas teiste agus an cumas a léirigh tú ar d'fhoirm iarratais, do CV agus aon ábhar tacaíochta eile a cuireadh isteach

- An ghníomhaíocht ealaíon nó na gníomhaíochtaí ealaíon atá beartaithe de réir mar a luaigh tú san fhoirm iarratais
- An cleachtas atá léirithe agat leis an ábhar tacaíochta a chuir tú isteach
- Comhthéacs na foirme ealaíne/an chleachtais ealaíon lena mbaineann do ghníomhaíocht bheartaithe
- An uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht atá léirithe agat
- **Má tá sé i gceist agat a bheith ag obair le meantóir:** cuntas teiste an mheantóra agus caighdeán an chláir meantóireachta mar a léirítear leis an bhfoirm iarratais, an CV agus leis na hábhair thacaíochta eile a cuireadh isteach
- **Má tá sé i gceist agat a bheith ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta:** caighdeán agus oiriúnacht na dtacaíochtaí atá á dtairiscint ag eagraíochtaí comhpháirtíochta.

## Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh

Déanaimid iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a éiríonn leo cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh. Féach 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana chun tuilleadh eolais a fháil.

Sa mheasúnú seo, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh:

- An méid tairbhe a bhainfeadh do chleachtas ealaíon as an ngníomhaíocht mholta agus conas mar a d'fhéadfaí é a fhorbairt mar thoradh air sin
- Conas mar a théann do ghníomhaíocht mholta i ngleic le tosaíochtaí na dámhachtana.

### Indéantacht

Déanfaimid indéantacht d'iarratais a mheasúnú, bunaithe ar an gcaoi a léiríonn tú do chumas chun do ghníomhaíochtaí beartaithe a sholáthar.

Braithfidh na gnéithe indéantachta a ndéanfaimid measúnú orthu ar an snáithe a roghnaíonn tú.

Sa mheasúnú seo, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh:

- Indéantacht do chláir ama nó do sceidil bheartaithe
- An méid maoinithe atá á lorg agat i gcomparáid le nádúr agus fad na hoibre beartaithe ó thaobh na hindéantachta de
- Más ábhartha, infhaighteacht na dtacaíochtaí/na gcomhpháirtithe eile a d'ainmnigh tú san iarratas.

## 5.3 Próiseas an phiarphainéil

Bainimid úsáid as piarphainéil ionas go mbeidh réimse de shaintuairimí inár bpróiseas meastóireachta.

Bíonn ar a laghad triúr breithneoirí seachtracha ar phiarphainéal. Go ginearálta, bíonn an méid seo a leanas ag na moltóirí seo:

- Saineolas ábhartha san fhoirm ealaíne
- Saineolas cleachtais ealaíon
- Eolas leathan oibre agus tuiscint ghinearálta ar na healaíona gairmiúla.

I gcás foirmeacha ealaíne a ndéantar líon níos lú iarratas ina leith, féadfaimid painéil a thionól chun grúpaí iarratas a mheas ag an gcruinniú céanna den phainéal.

Bíonn comhalta de chuid na Comhairle Ealaíon i gceannas ar gach cruinniú piarphainéil de ghnáth agus gníomhaíonn an comhalta sin mar chathaoirleach gan ceart vótála. Freastalaíonn foireann na Comhairle Ealaíon agus na comhairleoirí freisin más gá. Bíonn baill foirne a raibh baint acu i measúnú tosaigh na n-iarratas ar fáil chun eolas a thabhairt do na piarphainéil más gá.

Beidh rochtain ag lucht an phainéil ar gach iarratas ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar go léir roimh lá an chruinnithe. Le linn an chruinnithe, déanann siad na hiarratais ar an ngearrliosta a athbhreithniú, a phlé agus a scóráil. Ansin déantar na hiarratais ar an ngearrliosta a rangú de réir an scóir.

**Tabhair faoi deara:** Tá leibhéal ard iomaíochta ann do na dámhachtainí. Ní féidir leis an gComhairle Ealaíon ach maoiniú a chur ar fáil do sciar na n-iarratas a fhaighimid.

## Próiseas scórála an phainéil

Iarraimid ar gach ball painéil na hiarratais a scóráil de réir an chórais seo a leanas:

- **A – Caithfear a Mhaoiniú (10 bpointe):** Comhlíonadh critéir go léir na dámhachtana san iarratas agus tá maoiniú tuillte aige ar an mbonn sin, suas leis an méid atá á iarraidh (más féidir).
- **B – Ba Chóir a Mhaoiniú (8 bpointe):** Chomhlíon an t-iarratas na critéir go suntasach agus tá maoiniú tuillte aige dá bharr sin, má tá buiséad na scéime maoinithe sách mór.
- **C – D’fhéadfaí a Mhaoiniú (5 phointe):** Comhlíonadh na critéir san iarratas, ach ní an oiread céanna leis na hiarratais eile.

- **D – Ní Tosaíocht é (2 phointe):** Níor chomhlíon an t-iarratas na critéir maith go leor agus níl maoiniú tuillte aige dá bharr sin.

## 5.4 Dearbhú leasa

Tá Beartas maidir le Coinbhleacht Leasa (CL) ag an gComhairle Ealaíon lena chinntiú nach mbíonn tionchar éagórach le brath sa phróiseas measúnaithe.

Le cóir agus cothroime sa chinnteoireacht a áirithiú, ní mór do bhaill foirne, do chomhairleoirí agus do phainéalaithe coinbhleacht leasa a dhearbhú i gcás ina bhfuil:

- dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu leis an iarratasóir
- siad nasctha ar aon bhealach leis an iarratas.

Is féidir le 'leas' a bheith ar bhonn 'airgeadais' nó 'neamhairgeadais'.

- Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid': ina bhféadfadh duine tairbhe airgeadais a bhaint as cinneadh.
- Féadann leas a bheith ina 'leas neamhairgid': gaol muintire, nó comhpháirtíochtaí, caidrimh phearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.

Ní mór don bhall foirne, don chomhairleoir nó don phainéalaí a leas a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh é.

Cinnteoidh an Chomhairle Ealaíon nach mbeidh baint ag an mball foirne, ag an gcomhairleoir ná ag an bpainéalaí le haon ghné den phróiseas cinnteoireachta a bhaineann leis an iarratas seo.

## Dearbhú leasa na bpainéalaithe

Ní mór do lucht an phainéil coinbhleacht leasa a fhógairt a luaithe agus is eol dóibh í. D’fhéadfadh sé sin tarlú ag an bpointe nuair a iarrtar air/uirthi suí ar an bpainéal (más eol an ‘leas’ ag an bpointe sin) nó tar éis liosta na n-iarratasóirí a fháil.

Nuair a fhógraíonn painéal coinbhleacht leasa, ní bhfaighidh siad ábhar meastóireachta maidir leis an iarratasóir sin. Beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú. Vótálfaidh an Cathaoirleach in ionad an phainéalaí.

I roinnt cásanna, d’fhéadfadh sé nach n-aithneodh comhalta painéil go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann agus go ndéanann sé/sí athbhreithniú ar an ábhar meastóireachta. Sna cásanna sin, ní mór don phainéalaí ball foirne den Chomhairle Ealaíon nó cathaoirleach an phainéil a chur ar an eolas chomh luath agus a thuigeann siad go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

Má chuireann beirt ón bpainéal in iúl go bhfuil coinbhleacht leasa acu i leith aon iarratais amháin, beidh an cathaoirleach páirteach mar chuid den phróiseas cinnteoireachta i gcás an iarratais shonraigh sin.

Má tá coinbhleacht leasa ag Cathaoirleach ainmnithe an phainéil, ní mór dóibh é sin a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh go bhfuil a leithéid ann agus an fógra sin a thabhairt i scríbhinn roimh an gcruinniú. Sa chás sin, beidh ceann na foirne ealaíon ábhartha mar chathaoirleach ar an bplé a dhéanfar maidir leis an iarratas.

## 5.5 Na chéad chéimeanna eile sa chás go n-éiríonn le d’iarratas

Má éiríonn leat, seolfaimid ríomhphost chugat le tairiscint ann.

Cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe atá tugtha againn, agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Gheobhaidh tú faisnéis freisin faoin gcaoi le do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Ní mór duit glacadh le do thairiscint mhaoinithe trí do chuntas Seirbhísí ar Líne.

Gheobhaidh tú an treoir íocaíochta maidir leis an dámhachtain seo i ríomhphost ar leithligh. Tá treoracha ann ar an dóigh le glacadh le do thairiscint agus an maoiniú a tharraingt anuas.

## 5.6 Na chéad chéimeanna eile sa chás nach n-éiríonn le d’iarratas

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas. Bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní atá le fáil.

Mura n-éireoidh le d’iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon.

**Tabhair faoi deara:** Má chomhlíonann tú ár dtreoirlínte maidir le hincháilitheacht agus nósanna imeachta d’iarratais, ní rathú é sin go bhfaighidh tú maoiniú.

### Iarratas a dhéanamh an athuair leis an ngníomhaíocht chéanna

Mura n-éiríonn le d’iarratas, ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar an ngníomhaíocht chéanna do dhámhachtain eile na Comhairle Ealaíon.

Má cheapaimid gur fearr a oireann do thogra do dhámhachtain dhifriúil, féadfaimid eisceacht a dhéanamh.

Sa chás sin, rachaimid i dteagmháil leat.

## 5.7 Achomharc a dhéanamh

Is féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh maoinithe más rud é go gceapann tú:

- Níor chloíomar lenár nósanna imeachta foilsithe don riarachán agus don mheasúnú
- Níor chuireamar i bhfeidhm ár nósanna imeachta foilsithe don riarachán agus don mheasúnú go cóir.

Ní mór duit a bheith in ann na cúiseanna le d’achomharc a thaispeáint dúinn.

Tuilleadh eolais faoinár bpróiseas achomharc